2023/2470

3.11.2023

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2470 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Deireadh Fómhair 2023

maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Ghréig

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C (2023) 7533)

(Is é an téacs Gréigise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') [1], agus go háirithe Airteagal 259(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráige den bholgach caorach agus den bholgach gabhar in ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair, tá baol suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún [2] forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair i gcatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún [3]. Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráige de ghalar i gcatagóir A, lena n-áirítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Chuir an Ghréig an Coimisiún ar an eolas faoi staid na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar ina críoch faoi láthair, tar éis ráige den ghalar sin i measc ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair ar oileán Lesvos, ráig a deimhníodh an 24 Deireadh Fómhair 2023, agus, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, bhunaigh sí crios srianta, ina bhfuil crios cosanta agus crios faireachais, agus ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta ginearálta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, mar aon le crios srianta breise ina gcuirtear i bhfeidhm bearta rialaithe áirithe, chun leathadh breise an ghalair sin a chosc.

(5) Chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun bacainní gan údar ar thrádáil ag tríú tíortha a sheachaint, is gá an crios srianta i dtaca leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar, ar crios é ina bhfuil crios cosanta agus crios faireachais, mar aon leis an gcrios srianta breise, a shainaithint go tapa ar leibhéal an Aontais sa Ghréig i gcomhar leis an mBallstát sin.

---

[1] IO L 84, 31.3.2016, lch. 1,.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

(6) Dá réir sin, ba cheart na limistéir a shainaithnítear mar chriosanna cosanta, faireachais agus srianta breise sa Ghréig a leagan amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus ba cheart fad an réigiúnithe sin a shocrú.

(7) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar agus an ghá cosc a chur ar leathadh an ghalair sin ón mbunaíocht atá buailte sa Ghréig go codanna eile den Bhallstáit sin agus go Ballstáit eile, is iomchuí go mbeadh feidhm ag na bearta a leagtar síos sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo a luaithe is féidir.

(8) Dá réir sin, go dtí go bhfaighfear tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, ba cheart na criosanna cosanta, faireachais agus srianta breise sa Ghréig a bhunú láithreach agus a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus ba cheart fad an chriosúcháin sin a shocrú.

(9) Tá an Cinneadh seo le hathbhreithniú ag an gcéad chruinniú eile den Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Áiritheoidh an Ghréig an méid seo a leanas:

(a) go mbunóidh údarás inniúil an Bhallstáit sin láithreach crios srianta, ina mbeidh criosanna cosanta agus faireachais mar aon le crios srianta breise, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin;

(b) go gcuimseoidh na criosanna cosanta, faireachais agus srianta breise dá dtagraítear i bpointe (a) ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo;

(c) maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm i ngach crios cosanta, crios faireachais agus crios srianta breise, cuirfear i bhfeidhm iad ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

1. Gluaiseachtaí caorach agus gabhar ón gcrios srianta breise go dtí ceann scríbe lasmuigh den chrios srianta breise sin, ní cheadófar iad ach amháin má údaraíonn an t-údarás inniúil iad agus má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 2, 3 agus 4.

2. Féadfaidh an t-údarás inniúil gluaiseachtaí caorach agus gabhar a choimeádtar sa chrios srianta breise go dtí ceann scríbe lasmuigh den chrios srianta breise sin a údarú nuair atá na gluaiseachtaí caorach agus gabhar sin ag dul díreach chuig seamlas atá suite laistigh de chríoch na Gréige lena marú láithreach.

3. Maidir leis an modh iompair a úsáidtear le haghaidh gluaiseachtaí caorach agus gabhar ón gcrios srianta breise, dá dtagraítear i mír 2:

(a) comhlíonfaidh siad na ceanglais maidir leis an modh iompair a leagtar síos in Airteagal 24(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) déanfar iad a ghlanadh agus a dhíghalrú sula ndéanfar aon ainmhí a iompar faoi rialú an údaráis inniúil nó faoina mhaoirseacht;

(c) déanfar iad a ghlanadh agus a dhíghalrú i gcomhréir leis na ceanglais maidir leis an modh iompair a leagtar síos in Airteagal 24(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 faoi rialú nó faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil;

(d) ní bheidh iontu ach caoirigh agus gabhair a bhfuil an stádas sláinte céanna acu a choimeádtar sa bhunaíocht chéanna;

(e) séalóidh an t-údarás inniúil iad ag an mbunaíocht tionscnaimh tar éis luchtú na n-ainmhithe agus bainfidh an t-údarás inniúil an séala ag an seamlas cinn scríbe.

4. Beidh na caoirigh agus na gabhair atá le hiompar faoi réir cigireacht chliniciúil ag an údarás inniúil 24 uair an chloig nó níos lú roimh an dáta iompair.

Airteagal 3

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 15 Feabhra 2024.

Airteagal 4

Is chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

A. **Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar an ráig dheimhnithe**

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Aonad réigiúnach Lesvos GR-CAPRIPOX-2023-00001	Crios cosanta: Those parts of the regional unit of Lesvos, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 39.242555, Long. 25.87888 (2023/1)	15.11.2023
	Crios faireachais: Those parts of the regional unit of Lesvos, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 39.242555, Long. 25.87888 (2023/1)	24.11.2023
	Crios faireachais: Those parts of the regional unit of Lesvos, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 39.242555, Long. 25.87888 (2023/1)	16.11.2023 – 24.11.2023

B. **Crios srianta breise**

Aonad réigiúnach	Limistéir a bhunaítear mar chrios srianta breise sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Aonad réigiúnach Lesvos	Crios srianta breise ina gcuimsítear críoch iomlán aonad réigiúnach Lesvos.	10.1.2024